AN GARDA SÍOCHÁNA

# Plean Póilíneachta Rannach Chathair Chorcaí 2023

**"Keeping People Safe"**

"Ag Coinneáil Daoine Sábháilte"

# Réamhrá an Oifigigh Roinne

Cúis áthais dom Plean Póilíneachta 2023 do Roinn Chathair Chorcaí a chur in bhur láthair. Is é seo an dara plean as trí phlean bhliantúla atá ag cur le cuspóirí Ráiteas Straitéise 2022-2024. Tá an plean seo bunaithe ar phrionsabail ár gCóid Eitice agus tugtar aird ann ar phrionsabail Chearta an Duine. Déantar cur síos sa phlean ar thosaíochtaí agus ar straitéisí soiléire a bhfuil sé mar aidhm leo seirbhísí póilíneachta a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais an phobail agus sonraítear ann conas a bheidh seirbhís phóilíneachta éifeachtach á cur ar fáil againn d'fhonn a chinntiú go bhfuil pobal Chathair Chorcaí á choinneáil sábháilte againn.

Tá ár gcur chuige póilíneachta dírithe ar phobail a chosaint; déileáil le coireacht agus póilíneacht choisctheach; tacú le híospartaigh agus le daoine leochaileacha; agus slándáil an Stáit a chosaint. De réir a chéile d'éirigh linn, mar a gheallamar, cathair níos sábháilte a chruthú agus leanfaimid ar aghaidh leis an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as faisnéis, teicneolaíocht agus acmhainní chun soláthar seirbhíse a fheabhsú. D'éirigh linn dul chun cinn a dhéanamh trí oibriú i gcomhpháirt lenár bpobail áitiúla, trí obair chrua a bheith á déanamh ag ár bpearsanra agus trí dhíograis a bhfuil sé mar aidhm léi seirbhís phóilíneachta den scoth a chur ar fáil do phobail chathair Chorcaí.

Is í an phríomhaidhm atá agam coireacht a chosc agus a bhrath trína chinntiú go mbíonn Gardaí i mbun patróil mórthimpeall ar chathair Chorcaí ar mhaithe leis an bpobal a bhfuilimid ag freastal air a chosaint agus imscrúdú a dhéanamh ar gach coir a thuairiscítear dúinn. Trínár gcur chuige atá dírithe ar an íospartach, forbróimid ár gcumas chun tacaíochtaí agus seirbhísí comhsheasmhacha a chur ar fáil. Tá mé tiomanta don tseirbhís phóilíneachta is fearr agus is féidir a chur ar fáil do phobal chathair Chorcaí agus bainfidh mé an úsáid is fearr agus is féidir as na hacmhainní atá agam trí thascáil, imlonnú agus oibríochtaí atá bunaithe ar fhaisnéis.

Leanfar leis an athrú agus nuálaíocht inbhuanaithe laistigh de An Garda Síochána agus freastalófar ar riachtanais phóilíneachta Roinn Chathair Chorcaí trí Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána a fhorbairt chun struchtúir shruthlínithe, éifeachtúla a sholáthar atá dírithe ar sheirbhís atá á treorú ag an bpobal. Beidh córas freagartha éigeandála nua SAFE an Gharda Síochána á rolladh amach againn chun tacú leis an ngealltanas atá tugtha againn an modh a bhfreagaímid dár bpobail a fheabhsú agus faisnéis riachtanach a chur ar fáil láithreach baill do Ghardaí atá ag obair ag an túslíne.

Sa phlean seo leagtar amach conas a leanfaidh An Garda Síochána i gCathair Chorcaí ag díriú ar an bpríomhghealltanas atá tugtha aige - daoine a choinneáil sábháilte. I dteannta lenár gcomhpháirtithe, agus tríd an ngealltanas atá tugtha ag foireann mo roinne, agus i ndeireadh na dála, trí thacaíocht agus comhoibriú na bpobal a bhfuilimid ag freastal orthu, cinnteoimid gur áit shábháilte í Cathair Chorcaí chun cónaí inti, gnó a dhéanamh inti agus cuairt a thabhairt uirthi.

**T. Myers**
**Ard-Cheannfort**
**Roinn Chathair Chorcaí**

## Sonraí teagmhála do Roinne – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

| Ceannfoirt, agus teagmhálaí oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **Coireacht -** An Bleachtaire Ceannfoirt Michael Comyns | Sráid Anglesea | | 021 4548514 |
| **Rannpháirtíocht Phobail Lár Chathair Chorcaí –** An Ceannfort John Deasy | **Sráid Anglesea** | **24/7** | **021 4522000** |
| | An Dúcharraig | Luan – Satharn: 12 meán lae - 5pm (Ag brath ar acmhainní) | 021 4536690 |
| | **Stáisiún na Smachtlainne** | **24/7** | **021 4943330** |
| **Rannpháirtíocht Phobail Chathair Chorcaí Thuaidh** – An Ceannfort Declan O'Sullivan | **Baile na mBocht** | **24/7** | **021 4558510** |
| | **Garrán na mBráthar** | **24/7** | **021 4946200** |
| | Bóthar Chúrsa an Uisce | Luan – Aoine: 8am - 4pm (ag brath ar acmhainní) | 021 4558260 |
| | An Bhlarna | Luan – Aoine: 9am - 5pm (Ag brath ar acmhainní - Fógartha go háitiúil gach seachtain) | 021 4516290 |
| | Gleann Maghair | Seirbhísí éagsúla - Fógartha go háitiúil gach seachtain | 021 4556370 |
| | Carraig na bhFear | Seirbhísí éagsúla – fógartha go háitiúil | 021 4884222 |
| **Rannpháirtíocht Phobail Chathair Chorcaí Theas** – An Ceannfort Ronan Kennelly | **An Tóchar** | **24/7** | **021 4947120** |
| | Dúglas | Luan - Céadaoin: 10am – 1pm (Ag brath ar acmhainní) | 021 4857670 |
| | Baile an Chollaigh | Luan – Céadaoin: 10am – 1pm<br>Déardaoin: 2pm – 5pm<br>Dé Domhnaigh: 2pm – 5pm<br>(Ag brath ar acmhainní) | 021 4214680 |
| | Carraig Uí Leighin | Luan – Domhnach: 5pm – 7pm (Ag brath ar acmhainní) | 021 4919370 |
| | Baile an Easpaig | Luan – Déardaoin: 10am – 1pm<br>Dé Domhnaigh: 10am – 1pm<br>(Ag brath ar acmhainní) | 021 4624500 |
| | An Pasáiste | Seirbhísí éagsúla (Ag brath ar acmhainní) | 021 4841001 |
| | Bun an Tábhairne | Seirbhísí éagsúla (Ag brath ar acmhainní) | 021 4831222 |
| **Dearbhú Feidhmíochta** – An Ceannfort Annette Browne | Garrán na mBráthar | Luan – Aoine: 9am – 5pm | 021 4946200 |
| **Seirbhísí Gnó** – An tUasal Liam Hallihan, Príomhoifigeach Cúnta | Sráid Anglesea | Luan – Aoine: 9am – 5pm | 021 4624500 |

# 1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcomhpháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh imní don phobal | Fadhbanna a réiteach i gcomhpháirt le pobail agus páirtithe leasmhara áitiúla, rud a thacóidh le réitigh inbhuanaithe ar fhadhbanna sábháilteachta atá ag déanamh imní don phobal. |
| 1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu | Tá aithne ag daoine as gach pobal, agus go háirithe daoine éagsúla agus as pobail mhionlaigh, ar An Garda Síochána agus tá muinín acu as na Gardaí agus tá siad toilteanach coireanna a thuairisciú dóibh. |
| 1.3 Oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an díobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail | Tugtar cabhair do dhaoine atá ag déileáil le himeaglú, agus tugtar aird ar Chearta an Duine íospartach atá ag déileáil le hImeaglú Bainteach le Drugaí. |

## 1. Gnáthobair leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta | |
| Rannpháirtíocht le hionadaithe tofa áitiúla | |
| Rannpháirtíocht le grúpaí tacaíochta Éagsúlachta | |
| Imeachtaí éagsúlachta a thacaíonn le hionchuimsiú | |
| Rannpháirtíocht le grúpaí faire gnó, gnóthaí geilleagair oíche | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara pobail | |
| Imeachtaí do dhaoine óga a thacaíonn le pearsanra, forbairt pobail agus shóisialta | |
| Faire comharsanachta, Cumarsáid idir grúpaí pobail | |
| Rannpháirtíocht le faire Ospidéil | |
| Cláir oideachais agus feasachta bunaithe ar Ghradaim an Gharda Síochána don Aos Óg | PRESS |

# 2. Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhinicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo | Tá cur chuige póilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis, a bhíonn ullmhaithe le haghaidh agus ag freagairt do choireacht ag gach leibhéal, curtha i bhfeidhm chun lántairbhe a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. |
| 2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú | Tá an cumas calaois agus coireanna cibearchumasaithe a chosc agus a bhrath feabhsaithe. |
| 2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta | Táthar ag déileáil ar bhonn réamhghníomhach le coireacht eagraithe agus le tromchoireacht. |

## 2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil curtha i gcrích sa Roinn | |
| Eolas maidir le Cibearchoireacht / calaois a chosc roinnte | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Muinín agus sástacht le An Garda Síochána |
| Infheictheacht agus níos mó feasachta ar phatróil |
| Bearta um choireacht a chosc a thuiscint |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Eolas maidir le coireacht a chosc curtha ar fáil do na meáin éagsúla | |
| Oiliúint dea-chleachtais | |


| Príomhtháscaire |
|---|
| Ag díriú ar choireacht ardmhinicíochta trí oibríochtaí coisc agus braith. |
| Cumas feabhsaithe déileáil le calaois agus le cibearchoireacht trí chúrsaí oiliúna a dhéanamh. |

# 3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú le An Garda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe | Tairbhe a bhaint as cur chuige atá dírithe ar an íospartach chun daoine a choinneáil sábháilte agus chun daoine leochaileacha a chosaint. |
| 3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuairisciú staitistiúil coireachta | Tomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coire leabaithe. |
| 3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Bóithre níos sábháilte dár bpobail. |

## 3. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Líon teagmhálacha leis an íospartach |  |
| Litreacha inisealacha íospartaigh curtha ar fáil |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Teagmháil le agus cosaint íospartach Drochíde sa teaghlach | |
| Mothaíonn íospartaigh choireachta go bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an tacaíocht atá ar fáil | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Rannpháirtíocht le daoine leochaileacha sa phobal |  |
| Teachtaireacht maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre scaipthe |  |
| **Príomhtháscaire** | |
| Imbhuailtí tráchta, gortuithe marfacha agus gortuithe tromchúiseacha | |
| Tuairiscíonn íospartaigh an teagmhas a tharla dóibh | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur chun feidhme leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Aon bhagairt don Stát coiscthe/cuireadh isteach ar a leithéid. |
| 4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála | Ullmhacht do mhóréigeandálaí cinntithe. |
| 4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu | Aon bhagairt sceimhlitheoireachta agus ó ghníomhaithe naimhdeacha coiscthe/cuireadh isteach orthu. |

## 5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| 5.1 Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur chun feidhme. | Athrú curtha i bhfeidhm go rathúil. |
| 5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn | Tionscadail rollta amach chun éifeachtacht an Gharda Síochána a fheabhsú. |
| 5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais | Úsáid bainte as cur chuige atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de curtha. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach | Cúrsaí oiliúna déanta ag pearsanra chun tacú lena ról. |
| E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine | Tacaíocht curtha ar fáil do Shláinte agus Folláine i Roinn Chathair Chorcaí. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcuir chuige ildisciplíneacha a fheabhsú | Cur chuige comhpháirtíochta feabhsaithe maidir le póilíneacht. |
| E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibriú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha | Comhoibriú feabhsaithe ar mhaithe le póilíneacht a fheabhsú. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthreo a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht dhéthreo le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint. | Freagairt feabhsaithe ar riachtanais an phobail. |
| E3.2 Torthaí Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó | Tacaíocht feabhsaithe do phearsanra i Roinn Chathair Chorcaí. |

## Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsanra an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú. | Póilíneacht eiticiúil agus ghairmiúil feabhsaithe. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach | Próisis feabhsaithe i Roinn Chathair Chorcaí chun tacú le póilíneacht. |

## Cumasóir 5: Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí Roinne |
|---|---|
| E5.1 Póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt | Tacaíocht feabhsaithe TFC do phóilíneacht. |
| E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaithe ag athbhreithniú seachtrach | Cáilíocht sonraí feabhsaithe chun tacú le cinntí póilíneachta oibríochtúla. |


## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| An Cineál Tacaíochta | Ainm | TEILEAFÓN | RÍOMHPHOST |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh Choireachta | Seirbhísí Tacaíochta Iarchoireachta | 0214320555 | info@supportaftercrimeservices.ie |
| Eolas d'íospartaigh Foréigin Teaghlaigh, Fir & Mná | Oss Chorcaí | 1800 497497 | osscork@gmail.com |
| Tacaíochta d'Íospartaigh Choireachta Gnéis | Ionad Foréigin Ghnéasaigh Chorcaí | 1800 496496 | info@sexualviolence.ie |
| Tacú le híospartaigh Bhaineanna Foréigin Teaghlaigh | Tionscadal Foréigin Teaghlaigh Ban Mhná Feasa | 021 4211757 | mnafeasa@gmail.com |
| Líne Chabhrach d'Íospartaigh | Líne Chabhrach d'Íospartaigh Choireachta | 116006 nó Seol Téacs Chuig 085 1337711 | info@victimshelpline.ie |
| Soláthraíonn Cabhair d'Íospartaigh Choireachta ar Turasóirí Iad | Seirbhís Cúnaimh do Thurasóirí in Éirinn | 1890 365700<br>01-6669354 | info@itas.ie |
| Tacaíonn le híospartaigh Fhireanna Foréigin Teaghlaigh | Amen | 046 9023718 | info@amen.ie |
| Tacaíocht do Theaghlaigh Daoine ar Iarraidh | www.missingpersons.ie | 1890 442552 | info@missingpersons.ie |
| Comhairleoireacht d'Íospartaigh Choireachta i gCeantair Thuaithe. | Muintir na Tíre | 062 51163 | info@muintir.ie |
| Tacaíocht d'Íospartaigh Drochúsáide Gnéasaí agus Foréigin | 'One In Four' | 01 6624070 | info@oneinfour.ie |
| Tacaíonn le haosú dearfach & íospartaigh scothaosta. | Aoisghníomhaíocht Chorcaí | 021 2067399 | AAC@ageaction.ie |
| Tacaíocht d'Íospartaigh Éignithe | An Líonra Éigeandála um Éigniú | 091 563676 | info@rcni.ie |
| Cúirt Dlí Teaghlaigh | Cúirteanna Dlí Teaghlaigh | 021 4805600 | www.courts.ie<br>Corkwashingtonstreet@courts.ie |
| Comhairle Dlí | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 1890 615200 | www.legalaidboard.ie |
| Faisnéis do Shaoránaigh | An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 0761 076950 | www.citizensinformation.ie |
| MABS | An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid | 0761072000 | www.mabs.ie |

# Aguisín: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS)

| Cuspóirí Straitéiseacha | Bearta |
|---|---|
| **Pobal -**<br>Leanúint ar aghaidh le **naisc le pobail a neartú**, **oibriú i gcomhpháirt** chun daoine a choinneáil sábháilte | • An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go bhfuil siad sásta le Seirbhís Áitiúil an Gharda Síochána.<br>• An céatadán freagróirí atá den tuairim nach ndéileálann An Garda Síochána le nithe tábhachtacha sa phobal.<br>• An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaitheann Gardaí le gach duine sa phobal go cothrom is cuma cé hiad féin.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go n-éisteann An Garda Síochána leis na hábhair atá ag déanamh imní do dhaoine áitiúla.<br>• An céatadán freagróirí a thugann le fios go gcaithfeadh na Gardaí go measúil leo má bhí aon teagmháil acu leo.<br>• An céatadán freagróirí atá den tuairim go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar an bpobal. |
| **Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach -**<br>**A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis** | • An céatadán freagróirí atá den tuairim gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an choireacht sa cheantar áitiúil.<br>• An céatadán freagróirí a bhfuil imní orthu gur íospartach cibearchoireachta a bheidh iontu féin nó aon duine atá ina gcónaí leo.<br>• An céatadán freagróirí a bhfuil an leibhéal coireachta ginearálta ag déanamh imní dóibh.<br>• An céatadán freagróirí nach bhfuil aon tionchar ag an mbaol a bhaineann le coireacht ar a gcaighdeán saoil.<br>• An céatadán freagróirí atá airdeallach ar phatróil an Gharda Síochána.<br>• An céatadán freagróirí a thug le fios gur íospartach de choireacht den chineál céanna iad roinnt uaireanta le 12 mhí anuas.<br>• An céatadán freagróirí a shonraigh go bhfuil An Garda Síochána dírithe ar chearta an duine.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána éifeachtach chomh fada is a bhaineann le dul i ngleic le coireacht.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil oiriúnach.<br>• An céatadán freagróirí a shíleann gur féidir brath ar na Gardaí ina gceantar áitiúil nuair a bhíonn siad ag teastáil. |
| **Íospartaigh & Daoine Leochaileacha -**<br><br>Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus **gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána** a chosaint agus a chur chun cinn | • An céatadán íospartach atá réasúnta sásta nó an-sásta leis an tslí ar dhéileáil An Garda Síochána lena gcás.<br>• An céatadán íospartach a thuairiscigh an cineál coireachta is déanaí ar dhéileáil siad leis.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscigh, i ndáil leis an teagmhas is déanaí ar dhéileáil siad leis, gur dhéileáil na Gardaí leis an teagmhas go tapa nuair a tuairiscíodh an teagmhas ar dtús.<br>• An céatadán freagróirí a thug le fios go ndearna An Garda Síochána teagmháil leo i ndiaidh dóibh a dteagmhas is déanaí a thuairisciú. |
| **Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe -**<br><br>Tacú le cultúr **d'fheabhas leanúnach** agus a leithéid de chultúr a spreagadh, **nuálaíocht** agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú | • An céatadán de fhreagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána nua-aimseartha agus forásach. |
| **Cumasóirí -**<br>**1. Daoine & Cuspóir**<br>**2. Comhpháirtíochtaí**<br>**3. Rannpháirtíocht**<br>**4. Cumhachtú & Iontaoibh**<br>**5. Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis** | • An céatadán freagróirí a shíleann go bhfuil An Garda Síochána á bhainistiú go héifeachtach.<br>• An céatadán freagróirí a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir go bhfuil An Garda Síochána ionadaíoch ar na pobail éagsúla a bhfuil sé ag freastal orthu.<br>• An céatadán freagróirí a thuairiscíonn go bhfuil leibhéal meánach - ard iontaoibhe acu as An Garda Síochána. |

## Banc Deilbhíní

| Ciall | Deilbhín |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta aige |
|  | Teileafón |
|  | Ríomhphost |
|  | Post |
|  | Raidió |
|  | Teilifís |
|  | Trí na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Gardaí i láthair go pearsanta |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | CCTV |
|  | De shiúl na gcos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

